An Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán
Department of Tourism, Culture, Arts, Gaeltacht, Sport and Media

# AN CLÁR CAIPITIL AGUS TREALAMH SPÓIRT 2020

Rialtas na hÉireann
Government of Ireland

## TREOIR CHUN IARRATAIS A DHÉANAMH

https://www.youtube.com/channel/UCq1kBv-FA7QcFmu8cdrIsTg YouTube

## CLÁR AN ÁBHAIR

Réamhrá agus Forléargas

Réamhrá agus Forléargas 1
Foirm Iarratais Leathanach 1: Mionsonraí maidir leis an Tionscadal 7
Foirm Iarratais Leathanach 2: Comhaltas/Rannpháirtíocht 12
Foirm Iarratais Leathanach 3: Bainistíocht Láithreáin agus Saoráidí Reatha 12
Foirm Iarratais Leathanach 4: Do Mhaoiniú Féin 13
Foirm Iarratais Leathanach 5: Cead Pleanála agus Teideal / Úinéireacht / Rochtain 15
Foirm Iarratais Leathanach 6: Fianaise maidir le Comhroinnt 17
Foirm Iarratais Leathanach 7: Achoimre agus Aighneacht 18
Téarmaí agus Coinníollacha 18
An Bealach a nDéanann an Roinn Measúnú ar Iarratais 20
Déantar airgead a chúiteamh i bhfoirm ríomhaistriú airgid isteach i gcuntas bainc ainmnithe an deontaí.Aguisín 1: Teimpléad do thairisicint iasachta 22
Aguisín 1: Teimpléad do thairisicint iasachta 23
Aguisín 2: Tá an teimpléad le comhlánú sa chás is *nach bhfuil* gá le cead pleanála 0
Aguisín 3: Eolas ar ullmhú na gcomhaontuithe ceadúnúcháin idir páirtithe d'iarratais i gcomhar faoin gClár Caipitil & Trealaimh Spóirt 1
Aguisín 4: Teimpléad don tiarna talún chun rochtain leanúnach ar an láthair/maoin a dheimhniú – do leithdháiltí caipitil €50,000 nó níos lú amháin 2
Aguisín 5: Teimpléad chun riachtanais teidil an Chláir Caipitil & Trealaimh Spóirt a shásamh 4
Aguisín 5a: Teimpléad Teidil do scoileanna sa chás is gur faoi úinéireacht an Aire Oideachais & Scileanna atá an talamh 6

# RÉAMHRÁ AGUS FORLÉARGAS

**Tá líon athruithe déanta ar an gClár Caipitil agus Trealaimh Spóirt, mar sin léigh an treoir seo go hiomlán agus go cúramach sula ndéantar iarratas ar líne.**

**Ní mór na hiarratais go léir, lena n-áirítear, doiciméid tacaíochta a chur faoi bhráid ar líne. Ní ghlacfar le hiarratas a sheoltar isteach tríd an bpost nó ar líne agus seolfar ar ais iad.**

**Murar chláraigh tú roimhe seo, ní mór d'eagraíocht a chlárú ar an láithreán gréasáin ar dtús agus ní mór go mbeidh Cláruimhir Chánach óna Coimisinéirí Ioncaim ag d'eagraíocht chun clárú.**

**An spriocdháta le clárú ná 5in Dé Luain, 15 Feabhra, 2021**

**An spriocdháta le hIarratas a chur faoi bhráid ná 5.00in 1 Dé Luain, Márta 2021**

Tá an Clár Caipitil agus Trealaimh Spóirt (SCEP) á fheidhmiú ag an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán agus cuirtear deontais ar fáil faoin gclár chun cuidiú le saoráidí spóirt a fhorbairt nó a athchóiriú agus le trealamh spóirt a sholáthar.

Is iad cuspóirí an Chláir:

- Cuidiú le heagraíochtaí deonacha agus pobail, le heagraíochtaí rialachais náisiúnta (NGBanna) spóirt, le húdaráis áitiúla, agus le Boird Oideachais agus Oiliúna agus le scoileanna le saoráidí ar ardchaighdeán, atá inrochtana, sábháilte, deartha go maith a fhorbairt i láithreacha oiriúnacha agus le trealamh cuí a sholáthar chun cur leis an rannpháirtíocht is fearr is féidir i spórt agus in aclaíocht áineasa.
- Tosaíocht a thabhairt do riachtanais na gceantar atá faoi mhíbhuntáiste (ar nós daoine atá faoi mhíchumas) ó thaobh saoráidí spóirt a sholáthar.
- Comhroinnt saoráidí spóirt a spreagadh.

## Cé leis is féidir iarratas a dhéanamh ar Dheontas?

Tá deontais ar fáil do chlubanna deonacha spóirt, do chlubanna seachbhrabúsacha[1]spóirt, do ghrúpaí pobail, do NGBnna, agus d'údaráis áitiúla. Ní féidir le coláistí tríú leibhéil[2], le Boird Oideachais agus Oiliúna (ETBanna) agus le scoileanna ach comhiarratais a dhéanamh i gcomhpháirtíocht le clubanna nó le heagraíochtaí spóirt agus sin amháin.

---

[1]Ní dhéantar maoiniú faoin gclár ach amháin ar eagraíochtaí a bhaineann úsáid as an ioncam go léir le maoiniú a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí na heagraíochta agus nach n-íoctar an maoiniú leis an úinéir/úinéirí – d'fhéadfadh an Roinn cruthúnas maidir le stádas neamhbhrabúis a lorg.

[2]Níl clubanna spóirt laistigh de scoileanna nó de choláistí tríú leibhéil i dteideal iarratas a dhéanamh ar mhaoiniú fiú agus iarratas a dhéanamh i gcomhar le hiarratasóir eile.

## Neamhchomhlíonadh téarmaí agus coinníollacha an Chláir

**Caithfear ar bhonn tromchúiseach le haon fhaisnéis a sheoltar isteach chun na Roinne atá bréagach nó míthreorach. D'fhéadfadh eagraíocht ar bith nach gcomhlíonann téarmaí agus coinníollacha an Chláir Caipitil agus Trealaimh Spóirt a bheith faoi réir ag cigireacht, d'fhéadfaí a ndeontas a tharraing siar, d'fhéadfadh sé go n-éileofaí orthu an deontas go léir nó cuid den deontas a íoc ar ais agus/nó cosc a chur orthu ó iarratas a dhéanamh ar feadh tréimhse ama.**

**Cuirfear an Garda Síochána ar an eolas maidir leis na sáruithe tromchúiseacha go léir ar théarmaí agus coinníollacha an Chláir.**

## Clárú

Ní mór d'aon eagraíocht ar mhian léi iarratas a dhéanamh clárú ar dtús ag www.sportscapitalprogramme.ie. Tá treoir ar leith ar fáil don phróiseas cláraithe ag https://www.gov.ie/pdf/?file=https://assets.gov.ie/22797/f06644c4005443e9885aad54e1b185c4.pdf#page=1. Tá físeán 'conas clárú' déanta ag an Roinn agus le fáil ag https://www.youtube.com/watch?v=LDl-L2l5JXQ&t=8s

**Is é an spriocdháta le clárú an 5in Dé Luain, 15 Feabhra, 2021**

## Spriocdháta le haghaidh Iarratais

**Ní mór na hiarratais go léir a bheith déanta faoin** 5.00in 1 Dé Luain, Márta 2021. Dúnfar síos an córas ar líne ag an tráth seo agus ní ghlacfar le hiarratais atá deireanach nó nach mbíonn comhlánaithe go hiomlán. Murar cliceáil tú ar an gcnaipe "Sábháil agus Seol Isteach" ar an leathanach deiridh den fhoirm iarratais faoin spriocdháta, ní bhreithneofar d'iarratas. Comhairlítear go láidir duit tús a chur leis an bpróiseas iarratais chomh luath agus is féidir mar go bhféadfadh sé nach mbeadh ar chumas na Roinne cabhrú leat níos gaire den spriocdháta mar gheall ar an líon mór glaonna agus ríomhphoist.

Nuair a bhíonn d'iarratas curtha faoi bhráid agat, comhairlítear go láidir duit cóip a dhéanamh den leathanach "Iarratas Deontais a Cuireadh faoi Bhráid" nó an leathanach a phriontáil. D'fhéadfadh sé go mbeadh sé seo ag teastáil uait níos deireanaí mar fhianaise go raibh iarratas deontais déanta agat.

Ní ghlacfar le hiarratais a chuirtear tríd an bpost nó trí ríomhphost.

## Conas iarratas a dhéanamh

Is é an t-aon bhealach le hiarratas a dhéanamh ar dheontas ná ar an gClár Caipitil Spóirt ar Líne (córas OSCAR) ag www.sportscapitalprogramme.ie. Tugann an láithreán gréasáin an deis dóibh siúd atá cláraithe féachaint ar dheontais agus ar íocaíochtaí roimhe seo,

mionsonraí teagmhála a athrú, íocaíocht a lorg ar dheontas agus teagmháil a dhéanamh leis an Roinn freisin seachas sin.

Chun iarratas a dhéanamh téigh go dtí www.sportscapitalprogramme.ie agus logáil isteach ag úsáid na cláruimhreach cánach agus an pasfhocal a úsáideadh ag céim an chláraithe.

Treoróidh draoi an iarratais tríd an bpróiseas iarratais tú agus beidh ar do chumas do chuid oibre a shábháil agus athbhreithniú a dhéanamh ar an obair sin agus tú ag líonadh isteach na foirme. Mar go ndéanfaidh an córas logáil amach ort tar éis tréimhse neamhghníomhaíochta tá sé tábhachtach go sábhálfaidh tú d'iarratas go rialta ag úsáid an chnaipe "Sábháil" ag bun gach leathanaigh. Beidh ar do chumas filleadh níos deireanaí nuair a bhíonn níos mó faisnéise nó doiciméid leictreonacha ullmhaithe agat le huaslódáil.

Tá roinnt réimsí ar gach leathanach éigeantach. Má dhéanann tú iarracht leanúint ar aghaidh gan na réimsí seo a líonadh tiocfaidh téacs faoi bhun gach réimse éigeantach á rá cad is gá a chur leis.

**Ní mór d'iarratasóirí a thabhairt ar aird go bhfuil maoiniú teoranta agus gur próiseas iomaíoch atá i gceist. Ní hionann na bunchritéir faoi na ceannteidil thuas a chomhlíonadh agus maoiniú a fháil.**

## Cá háit is féidir leat comhairle a fháil conas iarratas a dhéanamh?

Le comhairle a fháil conas iarratas a dhéanamh:

- léigh an treoir seo.
- féach ar ár gcuid treoracha maidir le "conas é a dhéanamh" ar YouTube HTTPS://WWW.YOUTUBE.COM/CHANNEL/UCQ1KBV-FA7QCFMU8CDRISTG
- glaoigh ar an Roinn – féach https://www.gov.ie/ga/seirbhis/c8cf86-none/#tuilleadh-eolais le huimhir a fháil don duine atá ag déileáil le do chontae.
- Ríomhphost SportsCapitalProgrammes@tcagsm.gov.ie
- Is féidir leat foirm iarratais leathanach bán samplach a íoslódáil ag https://www.gov.ie/en/service/d13385-sports-capital-programme/#how-to-make-an-application (níl anseo ach foirm shamplach agus ní mór gach iarratas a dhéanamh ar líne ar chóras OSCAR).

## Cúrsaí Teicniúla

Moltar duit gan d'iarratas a bheith oscailte agat i níos mó ná fuinneog bhrabhsála nó táb amháin ag an am céanna.

### Doiciméid tacaíochta a uaslódáil

Tabharfaidh córas OSCAR treoir duit ó thaobh doiciméid áirithe a uaslódáil ag céimeanna áirithe den phróiseas iarratais ach ní mór duit a chinntiú go ndéanann tú gach doiciméad ceart/a theastaíonn don iarratas a uaslódáil.

Déan uaslódáil le do thoil ar aon doiciméad il-leathanach mar uaslódáil amháin seachas uaslódáil ar leith in aghaidh an leathanaigh.

Tá sé tábhachtach an méid seo a leanas a thabhairt ar aird:

- Is sna formáidí seo a leanas amháin atá uaslódáil le déanamh ar na doiciméid: PDF, GIF, JPG, JPEG, TIF, TIFF, BMP, PSD agus PSPIMAGE (ní féidir doiciméid i word ná comhaid eile ineagarthóireachta a úsáid)
- Diúltóidh an córas OSCAR do chomhaid leictreonacha a bhíonn cosanta ag pasfhocal nó a bhfuil srianta slándála eile ag baint leo
- Cinntigh go ndéanann tú aon chomhad leictreonach ar do ríomhaire a dhúnadh sula ndéanann tú iad a uaslódáil do Chlárú nó d'Iarratas
- Is 5 meigibheart an uasmhéid chomhaid d'uaslódáil aon doiciméid amháin
- Níor chóir ach carachtair alfa-uimhriúla a bheith ar ainmneacha na gcomhad, m.sh. a - z, A - Z agus 0 go 9 agus spásanna, ní cheadaítear aon charachtar eile.
- Tá sé mar fhreagracht ortsa a chinntiú go ndéanann tú na doiciméid chearta a uaslódáil.

Sa chás go dteipeann ort na rialacha seo a leanúint, mar thoradh air sin, ní ghlacfaidh an córas le do dhoiciméid agus d'fhéadfadh d'iarratas a bheith neamhbhailí mar gheall air.

## Deacrachtaí Coitianta

Tá roinnt de na deacrachtaí is coitianta a chiallaigh go raibh iarratais neamhbhailí mar gheall orthu faoi bhabhtaí roimhe seo den SCEP liostaithe thíos:

1. **Teideal/Rochtain chuig an talamh ar a bhfuil an tionscadal á fhorbairt** – níor soláthraíodh teimpléid teidil/rochtana (aguisín 4 agus 5 den treoir seo), níor leasaíodh iad, ní raibh siad sínithe, ní raibh dáta orthu nó ní raibh siad comhlánaithe go hiomlán.
2. **Maoiniú na hEagraíochta féin** – níor soláthróidh tairiscint iasachta nó ráitis bainc, soláthraíodh iad gan ainm an iarratasóra nó ní raibh dáta orthu laistigh de 3 mhí den spriocdháta a bhí i gceist leis an iarratas.
3. **Doiciméid mhíchearta uaslódáilte** – nó uaslódáladh an doiciméad céanna go minic
4. **Níor cuireadh tús leis an iarratas in am –** tá eagraíochtaí nach dtosaíonn a n-iarratas in am i mbaol ó thaobh deacrachtaí teicniúla a theacht sa bhealach orthu nó deacrachtaí eile nach féidir a réiteach roimh an spriocdháta.

## Achoimre ar na doiciméid atá riachtanach

Tá mionsonraí iomlána maidir leis na doiciméid atá riachtanach leagtha amach sa chuid den treoir seo ina ndéileáiltear leis an leathanach ábhartha den fhoirm iarratais. Tá seicliosta **achoimrithe** thíos maidir leis an méid a bheidh ag teastáil uait. **Ní bhreithneoidh an Roinn aon doiciméid tacaíochta eile.** D'fhéadfadh sé go ndéanfadh an Roinn teagmháil leat le linn na tréimhse measúnaithe sa chás soiléiriú nó doiciméid bhreise a bheith riachtanach.

| Doiciméad | Éigeantach? |
|---|---|
| **Litir ó do chomhlacht rialaithe náisiúnta spóirt ina ndeimhnítear** | Éigeantach do gach iarratas réigiúnach |

| | |
|---|---|
| **stádas réigiúnach an tionscadail.** | |
| **Meastachán maidir le costas an tionscadail** | Éigeantach do gach iarratas |
| **Cruthúnas maidir le maoiniú na hEagraíochta féin** | Éigeantach do gach iarratas. Ní mór tairiscintí iasachta a líonadh isteach ar an teimpléad atá ag Aguisín 1. |
| **Fianaise maidir le cead pleanála/iarratas pleanála nó fianaise nach bhfuil gá le cead pleanála** | Roghnach, ach tá marcanna breise le fáil ag an gcéim mheasúnaithe (féach an chuid ar chead pleanála le haghaidh mionsonraí). |
| **Comhaontuithe ceadúnais idir grúpaí mar fhianaise ar chomhroinnt saoráidí** | Éigeantach do gach scoil, Iontaobhais Deoise, Boird Oideachais agus Oiliúna agus d'iarratais ó choláistí 3ú Leibhéil.<br><br>Roghnach i gcásanna eile ach bronntar marcanna breise do chomhroinnt saoráidí. |
| **Fianaise maidir le húinéireacht an láithreáin** | Éigeantach do na hiarratais go léir ar oibreacha caipitil sa chás teideal inmhuirir a bheith ag eagraíochtaí ar a gcuid talún. Ní mór do dhlíodóir an teimpléad ag Aguisín 5 a chomhlánú |
| **Fianaise maidir le rochtain chun an láithreáin** | Éigeantach do na hiarratais go léir ar oibreacha caipitil sa chás nach bhfuil teideal inmhuirir ag eagraíochtaí ar a gcuid talún. I gcásanna den sórt sin is féidir le heagraíocht iarratas a dhéanamh ar uasmhéid de €50,000 d'oibreacha caipitiúla. Ní mór don úinéir/tiarna talún an teimpléad ag Aguisín 4 a chomhlánú |

## Teimpléid

Tá teimpléid curtha ar fáil ag an Roinn nach mór a úsáid chun faisnéis áirithe a sholáthar. Tá siad seo go léir leagtha amach sna haguisíní a ghabhann leis an treoir seo nó is féidir iad a íoslódáil ón leathanach den fhoirm iarratais ar líne sa chás go mbíonn teimpléad riachtanach. Ní mór don duine ábhartha iad seo a líonadh isteach, iad a shíniú, a scanadh nó iad a uaslódáil mar chuid den iarratas.

Ní mór gach cuid de na teimpléid a líonadh isteach agus ní cóir iad a leasú nó iad a mhaolú ar bhealach ar bith. D'fhéadfadh an t-iarratas a bheith neamhbhailí má chuirtear nathanna ar nós "gan dochar" isteach.

## Comhiarratas – Scoileanna, Iontaobhais Deoise, Boird Oideachais agus Oiliúna agus coláistí 3ú leibhéal

Ní féidir le coláistí tríú leibhéal, Boird Oideachais agus Oiliúna (ETBanna) agus le scoileanna iarratas a dhéanamh ar mhaoiniú ach amháin trí chomhiarratas le clubanna spóirt. Níl clubanna spóirt laistigh de scoileanna ná de choláistí tríú leibhéal i dteideal iarratas a dhéanamh ar mhaoiniú fiú agus iad i gcomhpháirt le hiarratas eile.

Is féidir le hÚdaráis Áitiúil comhiarratais a dhéanamh i gcomhar le clubanna agus grúpaí áitiúil ach ní riachtanas atá anseo.

Ní mór don eagraíocht ar leo an talamh ar a bhfuil an tionscadal beartaithe an t-iarratas a dhéanamh ar chóras OSCAR[3]. Ní mór mionsonraí (ainm agus uimhir chláraithe cánach) na n-eagraíochtaí a bhíonn á gcur le chéile do na hiarratais a chur isteach le linn an phróisis iarratais. Ní mór do gach eagraíocht a bhíonn i gceist a bheith cláraithe ar an gcóras OSCAR.

**Más club spóirt tú atá ag déanamh comhiarratais ní féidir leat iarratas ar leithligh a dhéanamh faoi d'ainm féin.**

Féach leathanach 15 chun tuilleadh mionsonraí a fháil maidir le conas fianaise a sholáthar maidir le comhroinnt saoráidí.

## Saoráidí a chomhroinnt

Is féidir le clubanna agus le heagraíochtaí (seachas iad siúd atá liostaithe thuas faoi Chomhiarratais) pointí breise a bhaint amach freisin le linn an mheasúnaithe trína gcuid saoráidí a comhroinnt le clubanna/grúpaí agus/nó scoileanna áitiúla.

Bronnfar pointí ar ionaid pobail ilúsáide (nach bhfuil faoi úinéireacht club spóirt aonair) agus ar Ionaid Oideachais Allamuigh atá á reáchtáil ag an ETB as comhroinnt agus gan an gá le comhaontuithe ceadúnais a sholáthar.

Féach leathanach 15 le tuilleadh mionsonraí a fháil maidir le conas fianaise a sholáthar do chomhroinnt saoráidí.

## Níos mó ná aon iarratas amháin a dhéanamh

Ní féidir ach le hÚdaráis Áitiúla, Coistí Náisiúnta Rialaithe Spóirt, Iontaobhais Deoise agus Boird Oideachais agus Oiliúna níos mó ná iarratas amháin a dhéanamh faoi gach babhta den SCEP.

[3] Maidir le scoileanna arb é an tAire Oideachais agus Scileanna úinéir na talún, féach ar leathanach 15 le haghaidh tuileadh eolais

Mar go bhfuil maoiniú gann ní cheadaítear ach aon iarratas amháin in aghaidh an láithreáin. D'fhéadfadh an Roinn cónascadh a dhéanamh ar iliarratais ó aon láithreán amháin do ghrúpa amháin úsáideoirí.

## Iarratais Neamhbhailí

Déantar gach iarratas a bhailíochtú ag an gcéad chéim den mheasúnú. Má aithnítear aon easnamh a d'fhéadfadh d'iarratas a dhéanamh neamhbhailí (m.sh. doiciméad mícheart/doiciméad atá ar iarraidh) déanfar teagmháil leat agus tabharfar an deis duit an t-easnamh a cheartú faoi spriocdháta sonraithe. Mura dtugtar aghaidh go sásúil ar an tsaincheist laistigh den chreat ama a leagtar síos, measfar an t-iarratas a bheith neamhbhailí agus ní bhreithneofar an t-iarratas níos mó.

## Iarratais do Threalamh Spóirt amháin

Ní gá do ghrúpaí atá ag déanamh iarratas ar threalamh spóirt an fhoirm iarratais go léir a líonadh isteach. Ina áit sin, treoróidh an córas tú chuig na leathanaigh nach mór duit a líonadh isteach.

Is ráiteas bainc nó tairiscint iasachta na doiciméid tacaíochta amháin is gá duit a sheoladh isteach (agus úsáid á bhaint as Aguisín 1 den treoir seo) ina dtaispeántar duit go bhfuil íosmhéid de 5% de chostas iomlán an tionscadal ó thaobh coigilteas agat agus meastachán/meastacháin de na hoibreacha a bhfuil iarratas á dhéanamh ina leith.

Tabhair ar aird, le do thoil, gur uasluach de €30,000 is féidir leat iarratas a dhéanamh ina leith ó thaobh trealamh spóirt. Ní bhronnfar deontais trealamh atá os cionn luach de €50,000 ach amháin in imthosca eisceachtúla (ar nós NGBanna).

# Foirm Iarratais Leathanach 1: Mionsonraí maidir leis an Tionscadal

## Teideal an Tionscadail

Ba chóir gur cúpla focal a bheidh anseo leis an tionscadal a aithint amach anseo, ar nós "príomhdhraenáil páirce", "báid iomartha agus maidí rámha" nó "trealamh giomnáisiam"

## Achoimre

Tabhair achoimre ghearr, le do thoil (800 carachtar ar a mhéid, lena n-áirítear, spásanna agus poncaíocht) maidir leis an méid a bhfuil iarratas á dhéanamh agat ina leith. Ní mór go ndéanfar cur síos san achoimre ar an tionscadal maidir leis an mbealach ina gcuirfidh na saoráidí nó an trealamh nua seo le líon na rannpháirtithe gníomhacha sa spórt (lena n-áirítear, cur le rannpháirtíocht na mban) nó le feidhmíocht a fheabhsú. Ní mór go mbeidh aon spriocanna atá i gceist, sonrach, intomhaiste agus réadúil. Ó thaobh pleanála na saoráidí, ní mór d'iarratasóirí dul i gcomhairle go forleathan le húsáideoirí féideartha, lena n-áirítear, leanaí agus daoine óga. Ba chóir go gcuirfeadh Comhlachtaí Náisiúnta Rialaithe

Spóirt mionsonraí ar fáil maidir leis an áit a n-úsáidfear an trealamh agus maidir le luach an trealamh atá le húsáid i ngach láthair, mar go dtógfar é seo san áireamh nuair atáthar i mbun measúnaithe ar na hiarratais.

Ní dhéanfaimid maoiniú ach ar thionscadail a bhaineann le spórt. Chun cabhrú linn cinneadh a dhéanamh maidir le cibé ar thionscadal spóirt atá i gceist, bainimid úsáid as sainmhíniú Chomhairle na hEorpa maidir le spórt:

> *"Gach cineál gníomhaíochta fisiciúla, a rannchuidíonn leis an gcorpacmhainn fhisiciúil, leis an bhfolláine mheabhrach agus leis an idirghníomhaíocht shóisialta, lena n-áirítear áineas spraoi/gníomhach, spórt eagraithe/iomaíoch, agus spóirt/cluichí neamhfhoirmiúla."*

### Seoladh

Is í seo láthair an tionscadal nó na saoráide ina mbainfear úsáid as trealamh spóirt. Ní mór duit líne amháin ar a laghad den seoladh agus den chontae a chur isteach. Ní mór éirchód a chur ar fáil.

### Láthair

Zúmáil isteach ar an léarscáil agus cliceáil ar láthair an tionscadal. Do thionscadal maidir le trealamh spóirt, taispeáin, le do thoil, an láthair ina mbainfear an úsáid is mó as an trealamh (d'fhéadfadh sé go mbeadh an leagan satailíte níos éasca le húsáid). Mar mhalairt air sin, is féidir leat comhordanáidí faid agus leithid a chur isteach. **Tá sé ríthábhachtach go lonnóidh tú an tsaoráid go beacht ar an léarscáil mar go mbunófar scóráil do stádas faoi mhíbhuntáiste go príomha ar an láthair a roghnaíonn tú.**

**Tabharfaimid san áireamh freisin, agus an scór don stádas faoi mhíbhuntáiste á chinneadh againn, an fhaisnéis ar leathanach 3 den fhoirm iarratais ("Bainistíocht Láithreáin").**

## Mionsonraí agus costais an tionscadal atá beartaithe

Ba chóir duit, sa chuid seo, codanna difriúla den tionscadal a leagan amach agus costas agus tosaíocht a chur ar gach aon chuid díobh. Beidh ar do chumas an liosta tosaíochta a eagrú arís ina dhiaidh sin.

Mar gheall go bhfuil maoiniú teoranta, tá sé ríthábhachtach go ndéanann tú briseadh síos ar gach cuid den tionscadal agus costas gach aon chuid a thabhairt a mhéid agus is féidir. Mura ndéantar briseadh síos leordhóthanach ar chostas an tionscadal, d'fhéadfadh sé go mbeadh sé níos deacra maoiniú a leithdháileadh ina leith.

**Mar shampla,** sa chás go n-áirítear athdhromchlú a dhéanamh ar chúirt leadóige, fál a chur timpeall na cúirte agus tuilsoilsiú a shuiteáil, ní mór duit praghas do gach gné ar leith a chur san áireamh san iarratas agus an tosaíocht atá á thabhairt agat do gach ceann acu a léiriú. Mura ndéanann tú ach costas foriomlán amháin a sholáthar agus nach mbíonn go leor airgid ann le maoiniú a dhéanamh ar gach ceann de na 3 ghné, d'fhéadfadh sé nach mbeadh aon

mhaoiniú ar fáil duit ar chor ar bith. Má sholáthraíonn tú costas ar leith do gach gné, d'fhéadfadh sé go mbeadh sé indéanta maoiniú a dhéanamh ar ghnéithe den tionscadal.

Tá liosta míreanna thíos a ndéanaimid maoiniú orthu nó nach ndéanaimid maoiniú orthu. Níl iontu seo ach samplaí amháin agus ní chlúdaítear gach féidearthacht.

Ní mór go mbeidh gach tionscadal inrochtana do dhaoine atá faoi mhíchumas agus ní mór go mbeidh na tionscadail chaipitiúla comhoiriúnach leis na 7 bprionsabal maidir leis an dearadh uilíoch www.universaldesign.ie.

Mura gcuireann tú san áireamh ach míreanna trealamh, ní bheidh faisnéis agus doiciméid tacaíochta á lorg ag an gcóras OSCAR ó thaobh cead pleanála nó ó thaobh teideal de.

Breithneofar gnéithe incháilithe den iarratas do mhaoiniú fiú amháin agus gnéithe eile den tionscadal neamh-incháilithe.

## Déanaimid maoiniú ar:

- Páirceanna imeartha, raonta agus cúirteanna féir nádúrtha (lena n-áirítear draenáil páirce)
- Páirceanna imeartha, raonta, cúirteanna saorga agus limistéir do chluichí ilúsáide
- Tuilsoilsiú LED
- Stiúideo aclaíochta
- Fálú slándála, córais CCTV agus fálú taobh na páirce (sa chás go meastar iad seo a bheith riachtanach)
- Eangach le liathróid a stopadh agus cuaillí
- Ballaí iomána / cúirt liathróid láimhe
- Raonta siúlóide/jagála
- Tógáil nó athchóiriú seomraí feistis, ceathanna agus leithris
- Tógáil nó athchóiriú hallaí spóirt agus giomnáisiam nó stiúideonna aclaíochta
- Mionathrú saoráidí spóirt chun rochtain a fheabhsú do dhaoine faoi mhíchumas
- Mionathrú saoráidí spóirt le hídiú fuinnimh a laghdú
- Aon trealamh spóirt neamhphearsanta eile, ar nós, trealamh giomnáisiam[4], lomairí léana agus trealamh cothabhála eile suas go dtí luach €30,000, [5]agus dífhibrileoirí. Ní bhronnfar deontais trealamh atá os cionn €50,000 ach in imthosca eisceachtúla amháin (ar nós do Chomhlachtaí Náisiúnta Rialaithe Spóirt).
- Breithnítear coimeádáin/seideanna stórála iniompartha suas go dtí 25 m$^2$ mar threalamh ach breithnítear foirgnimh mhodúlacha móra óna dteastaíonn cead

[4]Ní mór go mbeidh an trealamh giomnáisiam go léir inrochtana do dhaoine faoi mhíchumas http://www.dttas.ie/sites/default/files/publications/corporate/english/sports-capital-programme-guide-accessible-gym-equipment/sports-capital-programme-guide-accessible-gym-equipment.pdf].

[5] Baineann uasmhéid deontais €30,000 leis an trealamh cothabhála go léir.

pleanála mar oibreacha caipitiúla óna mbíonn cruthúnas ó thaobh teidil riachtanach (féach leathanach 5 den fhoirm iarratais)
- Aon tionscadail chaipitiúla eile a bhfuil sé soiléir gur ar mhaithe le spórt iad a chuirfidh le rannpháirtíocht sa spórt nó le feidhmíocht a fheabhsú (féach an sainmhíniú thuas)
- Oibreacha nó trealamh a bhaineann le Covid-19 a mheastar a bheith riachtanach lena chinntiú gur féidir leanúint leis na saoráidí a úsáid

Tá liosta níos cuimsithí de na míreanna a dtugtar maoiniú ina leith ar fáil sa liosta anuas ar an leathanach seo den fhoirm iarratais. Más mian leat cur isteach ar mhír ar bith nach bhfuil clúdaithe ar an liosta seo déan teagmháil leis an Roinn le do thoil chun comhairle a fháil.

### Ní dhéanaimid maoiniú ar:

- Chostais Reatha nó ar Chostais Oibríochta
- Tuilsoilsiú Neamh-LED
- Ardáin fhéachana
- Carrchlóis, bóithre nó tírdhreachú
- Clós Súgartha do Leanaí
- Beáir, cistineacha, cóiríocht chodlata, oifigí nó codanna eile den tionscadal nach mbaineann spórt nó a mbaineann fíorbheagán spóirt leo
- Tionscadail (nó gnéithe de thionscadail) a bhfuil tús curtha le hobair orthu cheana féin
- Tógáil nó athchóiriú linnte snámha
- Gnáthobair chothabhála (lena n-áirítear, athdhromchlú ar pháirceanna imeartha saorga a bhí maoinithe ag an SCEP le 10 mbliana anuas)
- Iarratais ó scoileanna, ETBanna agus coláistí 3ú leibhéal nach ndéantar i gcomhpháirt le club spóirt amháin ar a laghad (féach an chuid ar leithligh ar iarratais ó scoileanna, ETBanna agus coláistí 3ú leibhéal ar leathanach 5 den treoir seo)
- Fiach
- Trealamh nó saoráidí lena mbaineann sócúlacht ar nós saoráidí spá nó árthach pléisiúir
- Aisíoc iasachta (is féidir scéim ar leithligh faoisimh cánach maidir le tabhartais do chlubanna spóirt a úsáid le maoiniú a dhéanamh ar aisíoc iasachta, féach www.revenue.ie)
- Ceannach talún nó foirgneamh (is féidir scéim ar leithligh faoisimh cánach maidir le tabhartais do chlubanna spóirt a úsáid le maoiniú a dhéanamh ar thalamh a cheannach, féach www.revenue.ie)

**Tá sé éigeantach go gcuirfí ar a laghad gné amháin den tionscadal atá agat ar an leathanach seo.**

## Doiciméad meastacháin

Ní mór meastachán nó meastachán réamh-thairisceana amháin ar a laghad a ullmhaíodh go gairmiúil a uaslódáil do gach gné den tionscadal (lena n-áirítear trealamh). D'fhéadfadh sé

go mbeadh doiciméad amháin nó níos mó i gceist leis seo ach ní mór gach ní a bhfuil iarratas á dhéanamh ina leith a chlúdach. Glactar leis na cineálacha seo doiciméad mar mheastacháin:

1. Meastachán ullmhaithe ag do mhaoirseoir teicniúil (innealtóir, suirbhéir cainníochta nó ailtire de ghnáth).
2. Meastachán ó chonraitheoir/soláthróir
3. Sliocht ó chatalóg/láithreán gréasáin (do threalamh amháin)

Mura gcuirtear meastacháin ar fáil do gach gné den obair, ní chuirfear ach na codanna eile den tionscadal san áireamh.

## Tionscadail náisiúnta/réigiúnacha

Sá chas go bhfuil saoráid náisiúnta nó réigiúnach á beartú agat ní mór duit litir ó do chomhlacht náisiúnta rialaithe spóirt a chur san áireamh ina ndeimhnítear stádas réigiúnach an tionscadail.

Áirítear ar thionscadail Réigiúnacha nó Náisiúnta (uasmhéid deontais de €300,000):

- ionaid bharr feabhais náisiúnta do spórt amháin nó níos mó (m.sh. lárionad náisiúnta rámhaíochta, staid náisiúnta dornálaíochta)
- raonta reatha sintéiseacha 6-8 lána,
- ionaid bharr feabhais contae agus/nó réigiúnacha (lena n-áirítear ach nach bhfuil teoranta do: páirceanna traenála contae CLG agus ionaid bharr feabhais, clubanna príomhshraithe nó céad-sraithe na hÉireann, ionaid bharr feabhais Chumann Peile na hÉireann FAI, páirceanna rugbaí cúige agus ionaid traenála),
- tionscadail Údaráis Áitiúil atá ag lorg idir €150,000 agus €300,000
- Saoráidí spóirt i gColáistí 3ú Leibhéal (ní mór iarratais a dhéanamh i gcomhar le club nó le grúpa spóirt áitiúil) agus
- Iarratais ó NGBanna.

**Mura bhfuil tú cinnte más tionscadal náisiúnta/réigiúnach é do thionscadal, déan teagmháil leis an Roinn le comhairle a fháil le do thoil.**

**Breithneofar saoráidí a fuair maoiniú réigiúnach san am a caitheadh a bheith réigiúnach don todhchaí agus ní féidir leo iarratas a dhéanamh ar mhaoiniú áitiúil.**

# FOIRM IARRATAIS LEATHANACH 2: COMHALTAS/RANNPHÁIRTÍOCHT

## Maidir le d'Eagraíocht

Níl maoiniú SCEP ar fáil ach amháin d'eagraíochtaí a reáchtáiltear ar bhonn neamhbhrabúis agus atá faoi úinéireacht na gcomhaltaí agus á rith thar ceann na gcomhaltaí. Nuair a bheidh leithdháiltí á ndéanamh, tabharfar tús áite d'eagraíochtaí:

- a bhaineann táillí comhaltais bliantúla measartha amach
- nach mbaineann táillí iontrála aonuaire suntasacha amach
- atá cleamhnaithe leis an gComhlacht Náisiúnta Rialaithe Spóirt

Má tá NGB ag do spórt atá aitheanta ag Spórt Éireann, ba cheart duit a bheith cleamhnaithe le do NGB nó cúis mhaith a bheith agat gan a bheith cleamhnaithe.

Ní mór do chlubanna agus d'eagraíochtaí spóirt a bheith oscailte do chomhaltaí nua agus gan aon srianta a bheith ann ó thaobh na daoine a d'fhéadfadh a bheith mar chomhaltaí nó a d'fhéadfadh comhaltas iomlán a bhaint amach, m.sh. ní cheadaítear club nach féidir ach le lucht gnó áirithe nó le grúpa daoine áirithe a bheith sa chlub/eagraíocht nó rochtain a fháil ar chomhaltas iomlán.

## Maidir le do Chomhaltas

Is mian linn, sa chuid seo den leathanach, faisnéis a lorg maidir le líon na ndaoine atá ag baint úsáide as do chuid saoráidí reatha. D'fhéadfadh sé go n-áireodh sé seo comhaltaí an chlub (nó mic léinn d'iarratais scoile), comhaltaí eagraíochtaí eile a bhfuil comhaontuithe ceadúnais agat leo agus úsáideoirí ócáideacha.

# FOIRM IARRATAIS LEATHANACH 3: BAINISTÍOCHT LÁITHREÁIN AGUS SAORÁIDÍ REATHA

## Cad iad na saoráidí atá agat ar an láthair seo agus/nó ar láithreacha eile i láthair na huaire?

Bain úsáid as an leathanach seo leis an Roinn a chur ar an eolas maidir leis na saoráidí atá agat i láthair na huaire. Tabhair mionsonraí iomlána, le do thoil, de na saoráidí spóirt go léir atá faoi úinéireacht d'eagraíocht ar an láthair seo agus ar láithreacha eile. Ba chóir go n-áireofaí sa liosta, mionsonraí ar nós, líon na seomraí feistis agus líon na bpáirceanna. Ní gá d'Údaráis Áitiúla, ETBanna agus d'Iontaobhais Deoise ach na saoráidí atá ar an láthair a bhfuil an t-iarratas seo lonnaithe a chur san áireamh. D'fhéadfaí an fhaisnéis seo a chomhroinnt le Spórt Éireann chun críocha bunachar sonraí náisiúnta maidir le saoráidí spóirt a chur i dtoll a chéile.

Líon isteach na mionsonraí ó thaobh gach cineál saoráide atá agat. Mar shampla, ní mór do chlub le 3 pháirc féir, ceann le tuilsoilsiú agus 3 sheomra feistis, 3 líne a líonadh isteach:

| Cineál | Líon |
|---|---|
| Páirceanna imeartha féir nádúrtha | 3 |
| Tuilsoilisú | 1 |
| Seomraí feistis | 3 |

## Mionsonraí maidir le húsáid

Sa chás gur féidir, ba chóir duit an bealach a leagan amach ina bhfuil sé beartaithe agat grúpaí atá faoi mhíbhuntáiste a mhealladh leis na saoráidí reatha atá agat nó saoráidí atá beartaithe a úsáid[6]. D'fhéadfadh tionscnaimh den sórt sin, rochtain do dhaoine faoi mhíchumas, do dhaoine atá dífhostaithe, agus do phinsinéirí ar chostas níos ísle a thabhairt san áireamh. Mura bhfuil tú lonnaithe i gceantar atá faoi mhíbhuntáiste, an bhfuil rannpháirtithe ó cheantair chomharsanachta atá faoi mhíbhuntáiste á mealladh agat le do shaoráid a úsáid? An bhfuil aon ghrúpaí den sórt i do cheantar, daoine atá faoi mhíchumas, imircigh agus daoine de chuid an lucht siúil a d'fhéadfaí a spreagadh lena bheith níos rannpháirtí sa spórt? Cad go sonrach a bheidh idir lámha agat le grúpaí den sórt sin a mhealladh le do chuid saoráidí a úsáid? An bhfuil an fhéidearthacht ann go rachaidh an tionscadal beartaithe chun leasa dóibh siúd le saincheisteanna meabhairshláinte.

# FOIRM IARRATAIS LEATHANACH 4: DO MHAOINIÚ FÉIN

Bain úsáid as an leathanach seo leis an Roinn a chur ar an eolas maidir leis an méid maoinithe atá á lorg agat agus tabhair mionsonraí maidir leis an maoiniú atá á chur isteach sa tionscadal agat féin.

## Cá mhéad de dheontas ar chóir duit cur isteach air

Is €150,000 an t-uasmhéid deontais atá ar fáil do thionscadail clubanna/eagraíochtaí áitiúla. Tá sé i gceist nach ndéanfar an tsuim sin a leithdháileadh ach amháin in imthosca eisceachtúla. Cuirfear srian ar dheontais do threalamh cothabhála ag €30,000 agus ní bhronnfar deontais trealamh os cionn €50,000 ach amháin in imthosca eisceachtúla (ar nós NGBanna). Is €300,000 an t-uasmhéid deontais atá ar fáil do thionscadail réigiúnacha (féach leathanach 9 le haghaidh mionsonraí maidir leis na tionscadail a bhreithnítear mar thionscadail náisiúnta agus réigiúnacha)

Agus measúnú a dhéanamh ar d'iarratas, breithneoimid an bhfuil do thionscadal réalaíoch i dtéarmaí scála, costais agus an chuidithe deontais atá á lorg.

[6] Tabharfar an fhaisnéis seo san áireamh nuair atáthar i mbun scórála ar d'iarratas.

## Do mhaoiniú féin

Ní mór do gach eagraíocht, seachas údaráis áitiúla, ranníocaíocht 5% ar a laghad de chostais fhoriomlána an tionscadail a sholáthar as a gcuid airgid féin. D'fhéadfadh sé seo a bheith i bhfoirm iasachta nó coigiltis. Nuair atáthar i mbun measúnaithe ar iarratais, tugtar marcanna níos airde d'eagraíochtaí a léiríonn gur féidir leo leibhéal níos airde dá gcuid airgid féin a sholáthar (le hualú i bhfabhar ceantair atá faoi mhíbhuntáiste). Ba cheart duit, dá bhrí sin, a mhéid agus is féidir leat de do chuid maoinithe féin a sholáthar don tionscadal. Tabharfar leibhéal an mhaoinithe de chuid an chlub/na heagraíochtaí féin san áireamh nuair atáthar ag leithdháileadh deontais.

Ní mór d'Údaráis Áitiúla ranníocaíocht maoinithe de 30% dá gcuid maoiniú féin ar a laghad a chur ar fáil do chostas foriomlán an tionscadail.

Ní mór go gclúdóidh do mhaoiniú féin chomh maith leis an maoiniú a bhfuiltear ag cur isteach air, costas iomlán an tionscadail ar a laghad.

## Fianaise maidir le do mhaoiniú féin

Ní mór duit fianaise maidir le do mhaoiniú féin a uaslódáil i bhformáid amháin nó níos mó de na formáidí thíos **(níl aon chineálacha eile fianaise inghlactha maidir le do mhaoiniú féin, ar nós litreacha ó NGBanna nó tabharthóirí, rótharraingtí, cóipeanna de chuntais an chlub nó meastacháin maidir le bailiú airgid amach anseo);**

- Ráiteas amháin ar a laghad ó institiúid airgeadais nó ó Chiste Forbartha an CLG. **Ní mór go n-áireoidh** an ráiteas/na ráitis, **ainm na heagraíochta**, mionsonraí an institiúid airgeadais[7] agus an t-iarmhéid deiridh ar an ráiteas/na ráitis. Bainfear úsáid as seo leis an méid maoinithe atá á chur ar fáil don tionscadal a fhíorú. Ní mór dáta laistigh de 3 mhí de spriocdháta an iarratais a bheith ar na ráitis. Más comhiarratas atá i gceist nó má tá níos mó ná aon chuntas amháin ag an iarratasóir, is féidir ráitis ón dá chuntas a chur san áireamh. <u>Ní féidir úsáid a bhaint ar rótharraingtí mar do mhaoiniú féin</u>.
- Má áirítear iasacht le leibhéal do chuid maoinithe féin, ní mór go líonfaidh d'institiúid airgeadais isteach an fhaisnéis sin agus ní mór an teimpléad ag Aguisín 1 a stampáil. Níl iasachtaí ó Chiste Forbartha an CLG inghlactha mar do mhaoiniú féin.
- Féadfaidh Údaráis Áitiúla, ETBanna agus Coláistí 3ú Leibhéal litir a sholáthar lena ndeimhnítear go bhfuil do mhaoiniú féin in áit.

**Tá sé éigeantach go ndéanfaí uaslódáil ar dhoiciméad amháin ar a laghad a léiríonn do mhaoiniú féin.**

[7] Glacfaidh an Roinn le duaisbhannaí.

# Foirm Iarratais Leathanach 5: Cead Pleanála agus Teideal / Úinéireacht / Rochtain

## Cead Pleanála

Gheobhaidh tú marcanna breise ó thaobh d'iarratas má dhéanann tú ceann den mhéid seo a leanas a uaslódáil:

1. Fianaise ar iarratas reatha ar chead pleanála trí dhoiciméad ó Rannóg Pleanála an Údaráis Áitiúil le huimhir thagartha na pleanála (nó uimhir thagartha chuid 8 d'Údarás Áitiúil) nó cóip den iarratas pleanála, (le stampa ó Rannóg Pleanála an Údaráis Áitiúil agus le huimhir thagartha na pleanála) d'aon ghné de do thionscadal óna dteastaíonn cead pleanála.
2. Cóip den chead pleanála d'aon ghné de do thionscadal óna dteastaíonn cead pleanála. Caithfidh Údaráis Áitiúla sliocht ó mhiontuairiscí chruinniú na comhairle a sholáthar maidir le cathain a cuireadh iarratas chuid 8 tríd, nó litir ón rannóg pleanála ag deimhniú gur ceadaíodh Cuid 8. **Ní mór gur cead pleanála reatha a bheidh anseo ag tráth an iarratais.**
3. An teimpléad críochnaithe le deimhniú a thabhairt nach bhfuil gá ag do thionscadal le cead pleanála (is féidir íoslódáil a dhéanamh air seo ar an leathanach seo den láithreán gréasáin nó is féidir é a chóipeáil ó Aguisín 2 den treoir seo).

Ní mór d'aon iarratasóir a n-éiríonn leis/léi mionsonraí maidir le 2 nó 3 thuas a chur ar fáil sula n-íoctar aon deontas amach.

## Teideal/Úinéireacht/Rochtain

### Más iarratas ar threalamh spóirt amháin atá á dhéanamh agat

Ní gá duit aon fhianaise ar theideal a sholáthar. Ina áit sin, má éiríonn leat ó thaobh an iarratais de, beidh ar d'eagraíocht dearbhú a shíniú ag tiomantas a thabhairt maidir leis an trealamh a choimeád in úsáid spóirt ar feadh cúig bliana ar a laghad.

### Má tá an talamh faoi d'úinéireacht féin nó má tá léas cláraithe agat

Má tá an talamh faoi d'úinéireacht nó má tá léas cláraithe agat le 15 bliain ar a laghad fanta ar an léas ag céim an iarratais agus go bhfuil do theideal cláraithe leis an Údarás Clárúcháin Maoine féadfaidh tú cur isteach ar suas go dtí €150,000 de mhaoiniú d'oibreacha caipitiúla[8].

---

[8] Chun léas a chlárú i gClárlann na Talún, ní mór go mbeidh 21 bhliain fanta ar an léas ag tráth an chláraithe. Féadfar léas níos giorra a chlárú i gClárlann na nGníomhas.

Ní féidir le heagraíochtaí ag a bhfuil léas cláraithe idir 5 agus 15 bliain fanta air, iarratas a dhéanamh ach ar uasmhéid deontais caipitil de €50,000 thar thréimhse 5 bliana. Féadfaidh do dhlíodóir comhairle a chur ort maidir le saincheisteanna teidil.

**Sa chás seo, ní mór don dlíodóir an teimpléad ag aguisín 5 a líonadh isteach agus a shíniú (is féidir é seo a íoslódáil ón láithreán gréasáin). Ní mór gach ceist a fhreagairt.**

## Mura bhfuil an talamh faoi d'úinéireacht féin nó mura bhfuil léas fada agat

Mura bhfuil an talamh faoi d'úinéireacht nó mura bhfuil léas cláraithe agat le 15 bliain ar a laghad fanta ar an léas sin, ní féidir leat ach iarratas a dhéanamh ar uasmhéid de €50,000 i dtreo na n-oibreacha caipitiúla. Mar sin féin, má fuair tú deontas caipitil sna blianta 2014, 2015, 2017 nó 2018 i dtreo an láithreáin seo, is é uasmhéid na ndeontas agus iad curtha i dtoll a chéile, lena n-áirítear aon deontas don bhliain 2020 ná €50,000. Níl feidhm leis seo ach amháin sa chás go bhfuil seilbh aonair ag an iarratasóir ar an áitreabh (m.sh. ní féidir linn glacadh le hiarratais ó chlub a bhaineann úsáid as saoráidí club eile, ina áit sin, ní mór go dtiocfaidh an t-iarratas óna húinéirí féin).

Má tá úinéir na réadmhaoine i dteideal iarratas a dhéanamh ar dheontas SCEP as féin/aisti féin, ansin ní mór dóibh an t-iarratas a dhéanamh, m.sh. ní féidir le club a bhfuil rochtain acu chuig saoráidí scoile iarratas a dhéanamh mar gur chóir don scoil féin a bheith ag déanamh an iarratais.

**Sa chás seo ní mór d'úinéir na talún an teimpléad atá curtha ar fáil ag aguisín 4 a líonadh amach (is ón láithreán gréasáin amháin is féidir é seo a íoslódáil) a dheimhníonn nach bhfuil sé i gceist aige/aici an tsaoráid a bhaint den eagraíocht go ceann 5 bliana ar a laghad. Ní mór na ceisteanna go léir a fhreagair.**

Más le hÚdarás Áitiúil an talamh ar a bhfuil an tsaoráid atá beartaithe lena bheith lonnaithe agus nach bhfuil léas agat atá cláraithe leis an Údarás Clárúcháin Maoine, ba chóir don Údarás Áitiúil an t-iarratas a dhéanamh thar do cheann.

Is féidir leat iarratas a dhéanamh ar threalamh spóirt freisin agus ní theastaíonn aon fhianaise a chur ar fáil maidir le teideal. Is é an t-uasmhéid deontais i gcás ar bith – deontas caipitil agus trealaimh spóirt - €150,000 do thionscadail áitiúla nó €300,000 do thionscadail réigiúnacha/náisiúnta.

## Scoileanna ar Thalamh na Roinne Oideachais agus Scileanna lena náirítear Scoileanna Pobail agus Cuimsitheacha

Ní mór do na scoileanna seo an teimpléad in Aguisín 5 a úsáid chun cead i scríbhinn a fháil ón Roinn Oideachais agus Scileanna chun na saoráidí atá beartaithe a fhorbairt. Ar mhaithe le dóthain ama a thabhairt don bhreithmheas, d'fhéadfadh sé go mbeadh an Roinn Oideachais agus Scileanna ag lorg suas go 4 seachtaine le measúnú a dhéanamh ar an fhorbairt atá beartaithe roimh iarratas a chur faoi bhráid ar líne.

**Mura bhfuil iarratas á dhéanamh agat ach ar threalamh amháin ní mór duit cruthúnas maidir le teideal nó cruthúnas maidir le rochtain leanúnach chuig an láithreán a uaslódáil. Sa dá chás NÍ MÓR duit an teimpléad cuí a sholáthraítear a úsáid.**

## FOIRM IARRATAIS LEATHANACH 6: FIANAISE MAIDIR LE COMHROINNT

Ní féidir le Scoileanna, ETBanna agus Coláistí 3ú Leibhéal cur isteach ar mhaoiniú ach i gcomhpháirt le clubanna spóirt nó le grúpaí pobail áitiúla. Ní mór do gach eagraíocht a bhíonn rannpháirteach a bheith cláraithe ar an gcóras OSCAR.

Gheobhaidh Ionaid Phobail agus hallaí spóirt nach bhfuil faoi úinéireacht aon chlub spóirt amháin marcanna breise amach ó thaobh comhroinnt agus gan orthu comhaontuithe ceadúnais a sholáthar. Mar a chéile, ní gá d'Ionaid Oideachais Allamuigh atá á reáchtáil ag an ETB[9] comhaontuithe ceadúnais a chur ar fáil le marcanna a bhaint amach don chomhroinnt.

Gheobhaidh iarratais ó chlubanna/grúpaí pobail marcanna breise amach trína léiriú go bhfuil saoráidí á gcur ar fáil do scoileanna nó do ghrúpaí spóirt pobail níos leithne.

Ní mór d'iarratasóirí, sa dá chás, cóipeanna de na comhaontuithe dlíthiúla foirmiúla a chur ar fáil (m.sh. comhaontú ceadúnais idir scoil agus club/clubanna – téigh i gcomhairle le do dhlíodóir, le do thoil, le tuilleadh faisnéise a fháil) a cheadódh do chlubanna agus/nó don phobal áitiúil na saoráidí a úsáid ar feadh 20 uair an chloig ar a laghad in aghaidh na seachtaine ar feadh na bliana.

Áirítear ar ghnéithe eile a neartódh comhiarratas scoile/club, comhbhord bainistíochta agus/nó comh-chuntas bainc don tsaoráid a fhaigheann deontas. Tá treoirlínte maidir leis an méid ba chóir a bheith sa chomhaontú ceadúnais leagtha síos in aguisín 3.

**Ní mór don eagraíocht a bhfuil úinéireacht acu ar an talamh ar a bhfuil an tionscadal beartaithe an t-iarratas a dhéanamh ar chóras OSCAR.**

Má tá comhiarratas á dhéanamh agat le heagraíocht eile ní féidir leat iarratas ar leithligh a dhéanamh faoi d'ainm féin, murar Údarás Áitiúil, Comhlacht Náisiúnta Rialaithe Spóirt nó Bord Oideachais agus Oiliúna tú.

Déan cóip nó cóipeanna de na comhaontuithe dlí foirmiúla a uaslódáil (m.sh. comhaontú ceadúnais idir scoil agus club/clubanna - labhair le do dhlíodóir, le do thoil, chun tuilleadh faisnéise a fháil) a cheadódh do chlubanna agus/nó don phobal áitiúil na saoráidí a úsáid ar feadh 20 uair an chloig ar a laghad in aghaidh na seachtaine ar feadh na bliana. Tá treoirlínte maidir leis an méid ba chóir a bheith sa chomhaontú ceadúnais leagtha síos in aguisín 3.

---

[9] Féach https://www.etbi.ie/outdoor-education/ do liosta iomlán.

**Más ó scoil/ETB/coláiste nó iontaobhas dheoise d'iarratas nó más mian leat marcanna breise a fháil as na saoráidí a chomhroinnt ní mór duit comhaontú ceadúnais amháin ar a laghad a uaslódáil anseo.**

# FOIRM IARRATAIS LEATHANACH 7: ACHOIMRE AGUS AIGHNEACHT

Chun iarratas a dhéanamh ní mór duit "save and submit" a bhrú ar an leathanach seo. Mura gcuireann tú an t-iarratas isteach ní bhreithneofar é.

Nuair a bhíonn d'iarratas curtha faoi bhráid agat, moltar go láidir duit cóip den leathanach Iarratas ar Dheontas Curtha Faoi Bhráid a shábháil agus/nó a phriontáil.

**Is 5.00in 1 Dé Luain, Márta 2021 an spriocdháta d'iarratais**

**Tabhair ar aird, le do thoil, nuair a bhíonn an t-iarratas curtha faoi bhráid nach féidir eagarthóireacht a dhéanamh air ná cur leis.**

# TÉARMAÍ AGUS COINNÍOLLACHA

## Saoráil Faisnéise

Is féidir le duine ar bith den phobal rochtain a lorg ar na taifid atá ag Ranna Rialtais faoi na hAchtanna um Shaoráil Faisnéise.

Faoi na hAchtanna um Shaoráil Faisnéise, is féidir linn mionsonraí atá in iarratais agus i ndoiciméid tacaíochta a scaoileadh, ar iarratas, le tríú páirtithe. Má tá aon fhaisnéis in bhur n-iarratas atá goilliúnach, déan teagmháil linn go neamhspleách le do thoil, agus mínigh cén fáth nár cheart an fhaisnéis a nochtadh do dhaoine eile. Má iarrtar aon fhaisnéis ghoilliúnach orainn, rachaimid i gcomhairle leat sula ndéanfaimid cinneadh. Mar sin féin, mura gcuireann tú in iúl go bhfuil an fhaisnéis goilliúnach ar bhealach ar bith agus nach dtugann tú cúiseanna mar thacaíocht leis sin, féadfaimid an fhaisnéis a nochtadh gan dul i gcomhairle leat.

## Séanadh

Ní bheidh an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán freagrach don iarratasóir ná d'aon pháirtí eile as aon chaillteanas, damáiste ná costais de chineál ar bith ag eascairt go díreach nó go hindíreach ón iarratas nó an t-ábhar atá ann nó as ár ndiúltú don iarratas ar chúis ar bith.

Ní bheidh an Roinn, ná a cuid seirbhísigh nó a cuid gníomhairí freagrach ag tráth ar bith ina aon imthosca as aon ní a bhaineann le forbairt, pleanáil, tógáil, feidhmiú, bainistiú agus / nó riaradh tionscadail aonair ná aon ní a bhaineann leis an bpáirtíocaíocht a dhéanann an Roinn as sonraisc a chuireann iarratasóir ar dheontas isteach.

## Ráiteas iarratasóra thar ceann eagraíochta

Deimhním/deimhnímid go bhfuil an Treoir agus na critéir maidir le hiarratas a dhéanamh faoi Chlár Caipitil Spóirt 2020 léite agam/againn agus go dtuigim/go dtuigimid iad agus go n-aontaím/go n-aontaímid déanamh go hiomlán de réir na dtéarmaí agus na gcoinníollacha. Tuigim/tuigimid gur cinntí deiridh iad na cinntí a dhéantar ar iarratais agus ar leithdháiltí.

Deimhním/deimhnímid go bhfuil gach faisnéis a thugtar san iarratas seo agus gach faisnéis a thugtar i ngach doiciméad tacaíochta fíor agus cruinn agus go nglacaim/go nglacaimid leis má fhaightear amach go mbíonn aon fhaisnéis a thugtar bréagach nó míthreorach gur féidir leis an Roinn deontais a tharraingt siar, a éileamh go ndéanfaí an deontas aisíoc ar fad nó cuid de agus/nó cosc a chur ar iarratais ón eagraíocht sin ar feadh tréimhse. Tuigim freisin go bhféadfadh an Roinn na Gardaí a chur ar an eolas ina leith sin.

Aontaím/Aontaímid ó dháta an deontais nach séanfaidh mé/séanfaimid rochtain ar aon saoráid ná ar chuid d'aon saoráid dá bhfaightear deontas ina leith, ar dhuine ar bith ar na forais gnéas, reiligiún, stádas teaghlaigh, aois, míchumas, cine, gnéaschlaonadh, creideamh, nó comhaltas den Lucht Siúil gan cúis chóir, réasúnta agus cuí. Aontaím/Aontaímid ó dháta an deontais go mbeidh an eagraíocht ar oscailt chun glacadh le comhaltaí nua ar feadh tréimhse chúig bliana i gcás deontais trealaimh agus ar feadh tréimhse chúig bliana déag i gcás deontais caipitil. Admhaím/Admhaímid oibleagáidí na heagraíochta faoin Ordú faoin Acht um Thús Áite do Leanaí, 2015. https://www.tusla.ie/children-first/children-first-guidance-and-legislation/

Aontaím/aontaímid gur féidir aon leithdháileadh deontais a dhéantar maidir leis an iarratas seo a tharraingt siar mura ndéanann an deontaí dul chun cinn leordhóthanach ar an deontas a tharraingt anuas mar a bhíonn leagtha síos in aon litir maidir le leithdháileadh. Tháinig an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí ("GDPR") i bhfeidhm an 25 Bealtaine 2018. Tá Beartas Príobháideachais ag an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán de réir an Rialacháin Ghinearálta maidir le Cosaint Sonraí. Is féidir Beartas Príobháideachais nuashonraithe na Roinne a léamh ag https://www.chg.gov.ie/help/legal-notices/privacy-statement/.

Mar gheall gur tusa príomhtheagmhálaí na heagraíochta atá ag déanamh an iarratais, d'fhéadfadh an Roinn teagmháil a dhéanamh leat ó am go ham le scéala ábhartha faoin gCiste um Bonneagar Spóirt Mórscála, ar an mbonn gurb é leas na Roinne agus d'eagraíocht é agus go bhfuil sé dlisteanach go leanfadh an Roinn le do chuid mionsonraí a choinneáil agus a phróiseáil.

Agus an t-iarratas seo á chur faoi bhráid agat toilíonn tú go gcoinneoidh an Roinn do chuid mionsonraí teagmhála chun críocha an SCEP a riaradh.

# An Bealach a nDéanann an Roinn Measúnú ar Iarratais

Ní féidir maoiniú a fháil faoin gClár Caipitil Spóirt ach amháin do thionscadail spóirt - cibé an spórt iomaíoch nó caitheamh aimsire atá i gceist.

D'fhéadfadh sé go rachaimis i gcomhairle le ranna rialtais, údaráis áitiúla, Spórt Éireann agus coistí náisiúnta rialaithe spóirt le linn dúinn tionscadail a mheas.

Déanfaimid iarracht le maoiniú a chomhroinnt go stuama idir réimsí éagsúla agus réimsí leathan spóirt nuair a bhítear ag leithdháileadh maoinithe. Maidir leis an mbealach a ndéantar tionscadail a mheas, breithnítear na nithe seo a leanas chun teacht ar scór foriomlán i leith gach iarratais. Tá baint mhór ag an scór foriomlán leis an mbealach ina ndéantar na leithdháiltí.

Critéar 1 **An dóigh go gcuirfear le rannpháirtíocht/go gcuirfear feabhas ar fheidhmíocht**

Conas mar a chuirfidh an tionscadal le rannpháirtíocht ghníomhach sa spórt agus/nó a gcuirfear feabhas ar chaighdeáin fheidhmíochta spóirt de réir na spriocanna atá luaite go soiléir? Breithneofar na táillí atá le gearradh i ndáil leis an gcritéar seo. Tabharfar tús áite do shaoráidí is dóigh a chuirfidh le rannpháirtíocht sa spórt. Ní mhaoineofar saoráidí beáir, tírdhreachú, ná carrchlóis faoin gClár. Ní bhronnfar na marcanna is airde faoin gcritéar ach amháin ar thionscadal i gceantair faoi mhíbhuntáiste (bunaithe ar innéacs Pobal do mhíbhuntáiste) agus ar na tionscadail sin atá dírithe go sonrach ar dhaoine faoi mhíchumas nó ar dhaoine le saincheisteanna meabhairshláinte.

Critéar 2 **Saoráidí a Chomhroinnt**

Ní féidir le hiarratasóirí marcanna a bhaint amach faoin gcritéar Áiseanna a Chomhroinnt ach amháin má chuireann siad isteach comhaontuithe ceadúnais a léiríonn go bhfuiltear ag comhroinnt saoráidí le grúpaí eile. Ní ghlacfar le litreacha tacaíochta.

Critéar 3 **Leibhéal an mhíbhuntáiste shocheacnamaíochta sa cheantar**

Tabharfaimid tosaíocht do shaoráidí i gceantair atá faoi mhíbhuntáiste. Beidh an scór a leithdháilfear de réir Innéacs Díthe Pobal don cheantar a bhfuil an tionscadal lonnaithe **https://maps.pobal.ie.** Má chuirtear mionsonraí ar fáil sa socrúchán iarratais maidir leis an mbealach ina mbainfidh grúpaí atá faoi mhíbhuntáiste taobh amuigh den cheantar máguaird úsáid as an tsaoráid, breithneofar iad seo freisin.

Critéar 4 **Fiúntais theicniúla an tionscadail**

Tugtar marcanna ar fhianaise a sholáthar maidir le hiarratas pleanála, ar chead pleanála nó ar fhianaise nach gá cead pleanála agus ar chaighdeán na meastachán a chuirtear ar fáil.

Critéar 5 **Leibhéal dá gcuid maoinithe féin atá ar fáil**

Éilítear ar Údaráis Áitiúla 30% de chostas an tionscadail a chur ar fáil. Iarrtar ar gach iarratasóir eile 5% ar a laghad de chostas an tionscadail a chur ar fáil. Bronnfar marcanna breise ar iarratasóir a chuirfidh cionroinnt níos airde dá chuid maoinithe féin ar fáil**. Beidh níos lú dá gcuid maoinithe féin ag teastáil ó thionscadail i gceantair atá faoi mhíbhuntáiste chun uasmhéid marcanna a bhaint amach faoin gcritéar seo.** Laghdófar an marc sa chás is go bhfuil maoiniú an iarratasóra i leith an tionscadail bunaithe den chuid is mó ar iasachtaí.

Critéar 6 **An leibhéal de mhaoiniú SCEP a fuarthas le 10 mbliana anuas**

Tugtar tús áite d'iarratasóirí nach bhfuair deontais shuntasacha faoin scéim le 10 mbliana anuas. Laghdófar marcanna faoin gcritéar seo ar iarratasóirí a bhfuil breis is €100,000 ag seasamh amach orthu le ceithre bliana nó níos mó.

Tabharfar an córas scórála chun críche agus foilseofar é sula gcuirtear tús leis an obair mheasúnaithe ach níltear ag súil go dtiocfaidh aon athrú suntasach air ón mbabhta is deireanaí. Is féidir an córas scórála atá i bhfeidhm don bhabhta deiridh den SCEP a fháil ag **https://www.gov.ie/en/publication/d31d21-2018-sports-capital-programme-scoring-system-and-assessment-procedur/**

**Ní mór d'iarratasóirí a thabhairt ar aird go bhfuil maoiniú teoranta agus gur próiseas iomaíoch atá i gceist. Ní hionann na bunchritéir faoi na ceannteidil thuas a shásamh agus maoiniú a fháil.**

## Cad a tharlóidh má éiríonn le d'iarratas?

**Ní bheidh obair a thosaítear nó trealamh a cheannaítear sula bhfógraítear deontais incháilithe do mhaoiniú.**

Má éiríonn le d'iarratas, tabharfar **leithdháileadh sealadach** don eagraíocht. Ní mór téarmaí agus coinníollacha ar leith a chomhlíonadh chun **cead foirmiúil** a fháil. Beidh na téarmaí agus coinníollacha beachta ag brath ar luach agus ar chuspóir an deontais agus a mhéid airgid a leithdháileadh ort san am a caitheadh. **Níor cheart aon chonarthaí a shíniú ná tús a chur le haon obair ar an tsaoráid atá i gceist go dtí go mbeidh Cead Foirmiúil eisithe ag an Roinn**. A luaithe a bheidh cead foirmiúil faighte féadfaidh tú tosú ar an obair agus an deontas a tharraingt anuas.

Sa chás go bhfuair tú maoiniú caipitil a bhí flaithiúil san am a caitheadh, iarrfar ort dul i nGníomhas Cúnaint agus Muirir mar ráthaíocht go mbainfear úsáid as an tsaoráid chun na críche a bhí luaite agat i d'iarratas.

Sa chás gur Údarás Stáit an tiarna talún, beidh comhaontú trípháirteach idir an t-iarratasóir, an tÚdarás Stáit agus an Roinn le toiliú an DPER leordhóthanach in ionad muirear. Áirítear ar Údaráis Stáit, Ranna Rialtais agus an OPW.

## Cén bealach a n-íoctar deontais?

Íocfar deontais i gcéimeanna de réir mar a théann do thionscadal chun cinn trí do chuid costas a chúiteamh.

A luaithe a bheidh ceadú foirmiúil faighte agat déanfaidh tú Éileamh ar Íocaíocht (ar an gcóras OSCAR) agus uaslódálfaidh tú na doiciméid tacaíochta (go háirithe cóip de shonrasc agus fianaise ar íocaíocht). Faoi SECP 2020 cúiteoimid céatadán[10] de shonraisc a bheidh íoctha nó go mbeidh luach an deontais eisithe.

Ní dhéanfaimid ach obair/trealamh dá bhfuil Cead Foirmiúil eisithe ina leith a chúiteamh **agus ní chúiteofar aon sonrasc a íocadh in airgead tirim.**

Déanfar stádas imréitigh cánach an deontaí agus soláthraithe/conraitheoirí (atá ag cur obair nó earraí ar fáil ar fiú níos mó ná €10,000) a sheiceáil sula ndéanfar aon airgead a íoc amach.

Maidir le hobair chaipitil, coinneofar 5% den deontas go mbeidh na nithe seo a leanas faighte againn:-

1. Grianghraf den chomhartha ar a bhfógraítear go bhfuil an tionscadal á mhaoiniú ag an gClár Caipitil Spóirt le fáltais ón gCrannchur Náisiúnta agus go bhfuil an comhartha ar taispeáint in áit fheiceálach sa saoráid.
2. Deimhniú ó do mhaoirseoir teicniúil go bhfuil gach gné den obair tugtha chun críche go sásúil agus go bhfuil an Tréimhse Dliteanais Lochtanna imithe in éag agus go bhfuil gach ní in ord.
3. Deimhniú go bhfuil aon mhuirear dlí ar mhaoin an deontaí cláraithe.

# DÉANTAR AIRGEAD A CHÚITEAMH I BHFOIRM RÍOMHAISTRIÚ AIRGID ISTEACH I GCUNTAS BAINC AINMNITHE AN DEONTAÍ.

[10] D’fhéadfadh an ráta íocaíochta beacht a bheith éagsúil.

# AGUISÍN 1: TEIMPLÉAD DO THAIRISICINT IASACHTA

Tá an fhoirm seo le comhlánú agus le stampáil ag d'institiúid airgeadais. Ní féidir rótharraingt a úsáid mar fhéinmhaoiniú.

| | |
|---|---|
| Ainm an chlub/na heagraíochta | |
| Cá mhéid atá san iasacht? | |
| Cad chuige an iasacht seo? | |
| An bhfuil aon iasachtaí eile gan íoc ag an gclub ón institiúid airgeadais seo? | |
| Cad é téarma na hiasachta beartaithe? | |
| Cad iad na haisíocaíochtaí míosúla? | |
| An bhfuil an iasacht ceadaithe ar fad nó ceadaithe i bprionsabal? | |
| Cén uair a bheidh an iasacht ar fáil lena tarraingt anuas? | |
| An éilíonn an iasacht aon urrús agus má éilíonn cén cineál urrúis atá i gceist? | |

____________________________________

Priontáil d'ainm le do thoil

____________________________________

Síniú

____________________________________

Teideal Poist

Stampa na hInstitiúide Airgeadais

Dáta: ________________

(Ní mór don dáta a bheith laistigh de 12 mhí ó spriocdháta an iarratais)

## AGUISÍN 2: TÁ AN TEIMPLÉAD LE COMHLÁNÚ SA CHÁS IS *NACH BHFUIL* GÁ LE CEAD PLEANÁLA

Ní mór do Mhaoirseoir Teicniúil[11]/Rannóg Pleanála Údaráis Áitiúil é a chomhlánú

Ainm an Iarratasóra ___________________________________

Seoladh an Tionscadail ___________________________________

___________________________________

___________________________________

___________________________________

Sonraí an tionscadail ___________________________________

Seoladh láthair an tionscadail ___________________________________

___________________________________

## Le comhlánú ag do mhaoirseoir meicniúil nó ag Rannóg Pleanála Údaráis Áitiúil amháin

Deimhním nach n-éilíonn an tionscadal thuasluaite ná cuid den tionscadal cead pleanála.

Síniú _________________________________

Ainm _________________________________ (Bloclitreacha)

Post _________________________________

Cáilíocht Chuí ________________________________

Dáta _________________________________

[11] Duine gairmiúil atá inniúil ar chúrsaí pleanála, ailtire, innealtóir sibhialta nó comhairleoir pleanála de ghnáth

# AGUISÍN 3: EOLAS AR ULLMHÚ NA GCOMHAONTUITHE CEADÚNÚCHÁIN IDIR PÁIRTITHE D'IARRATAIS I GCOMHAR FAOIN GCLÁR CAIPITIL & TREALAIMH SPÓIRT

***Tabhair do d'aire:***
Téigh chuig do dhlíodóir le comhairle a fháil maidir le comhaontú ceadúnúcháin oiriúnach a dhréachtú. Tá freagracht ar an iarratasóir treoir a thabhairt dá ndlíodóirí agus a chinntiú go mbíonn aon chomhaontú dlíthiúil a dhéantar oiriúnach dá gcúinsí indibhidiúla. Is chun críche faisnéise amháin an t-eolas thíos agus ní hionann é agus comhairle dlí ar mar ba chóir comhaontuithe dlí a dhréachtú agus ní bheidh an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán freagrach don iarratasóir ná aon pháirtí eile as aon chaillteanas, damáiste ná costais de chineál ar bith a eascróidh go díreach nó go hindíreach as an eolas atá sa doiciméad seo.

Ní féidir le scoileanna, coláistí tríú leibhéal ná ETBanna iarratas a dhéanamh ar mhaoiniú ach i gcomhpháirt le clubanna spóirt nó grúpaí pobail áitiúla. Is féidir le clubanna spóirt nó le grúpaí pobail áitiúla marcanna breise a fháil ach a léiriú go mbeadh an áis ar fáil do scoileanna nó do ghrúpaí spóirt níos forleithne sa phobail.

Ní mór fianaise a bheith sna hiarratais seo ar chomhroinnt áiseanna i bhfoirm **comhaontuithe foirmeálta ceadúnúcháin** atá sínithe ag na clubanna, an scoil agus/nó grúpaí spóirt pobail eile a cheadóidh do pháirtithe an iarratais na háiseanna atá beartaithe a úsáid i gcaitheamh na bliana nuair nach mbíonn siad in úsáid ag na hiarratasóirí féin.

## Gnéithe chomhaontú ceadúnúcháin

Cé gur faoi na hiarratasóirí i gcomhpháirt agus a ndlíodóirí faoi seach foclaíocht chruinn aon chomhaontú ceadúnúcháin a shocrú, beidh an Roinn ag seiceáil go bhfuil an t-eolas seo a leanas san áireamh sna comhaontuithe ceadúnúcháin:

- ☐ Ainm agus/nó seoladh na háise/na háise atá beartaithe a bheidh le roinnt
- ☐ Ainmneacha na ngrúpaí go léir atá bainteach leis an gcomhaontú – lena n-áirítear síniú le hionadaí ó gach grúpa acu
- ☐ Freagrachtaí gach páirtí sa chomhaontú mar shampla: árachas, árachas dliteanais, cothabháil, glanadh
- ☐ Sonraí maidir le hamanna ar bith a mbeadh an áis ar fáil do gach páirtí agus aon socruithe rochtana
- ☐ An tréimhse a mbeidh éifeacht leis an gceadúnas - neamhiata nó 15 bliana ar a laghad
- ☐ Aon srianta maidir leis an úsáid is féidir a bhaint as an áis.
- ☐ Aon comhaontuithe bainistíochta - boird bhainistíochta, ranníocaíochtaí airgeadais agus aon chomhchuntas bainc
- ☐ Aon socruithe maidir le táillí/maoiniú i ndáil le húsáid na n-áiseanna - lena n-áirítear cé a shocraíonn na táillí nó an cíos agus cé a íocann iad

☐ Aon socruithe réitithe díospóide nó clásal forghéillte

# AGUISÍN 4: TEIMPLÉAD DON TIARNA TALÚN CHUN ROCHTAIN LEANÚNACH AR AN LÁTHAIR/MAOIN A DHEIMHNIÚ – DO LEITHDHÁILTÍ CAIPITIL €50,000 NÓ NÍOS LÚ AMHÁIN

## LITIR DHEIMHNITHE AGUS CHOMHAONTAITHE MAIDIR LE hÚSÁID MAOINE A BHAINEANN LE hIARRATAS AR DHEONTAS Ó NA hÁITITHEOIRÍ FAOIN gCLÁR CAIPITIL & TREALAIMH SPÓIRT

Ní féidir an fhoirm seo a úsáid ach d'iarratais ar mhaoiniú caipitil €50,000 nó níos lú nuair nach leis an iarratasóir an talamh nó nach bhfuil léas fada i gceist – féach leathanaigh 12-16 sa treoir maidir le hiarratas a dhéanamh le sonraí a fháil. **Má tá an tiarna talún i dteideal iarratas a dhéanamh ar mhaoiniú SCEP ina gceart féin, ní mór don tiarna talún an t-iarratas a dhéanamh.** Ní féidir é sin a úsáid ach amháin sa chás gurb é an t-iarratasóir aititheoir aonair na talún/an fhoirgnimh don tréimhse 5 bliana.

Ainm an Chlub/na hEagraíochta ______________________________________________

Seoladh na háise: ______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

Deimhním/deimhnímid ______________________________________________
(cuir isteach ainm iomlán úinéir dlíthiúil na maoine/na háise):

1. Is liom/linn, atá ag feidhmiú mar ______________________________________________ (tabhair an cháil ina bhfuil an té a shínigh an comhaontú seo ag feidhmiú m.sh. úinéir, stiúrthóir na cuideachta arb í úinéir, iontaobhaí atá ag sealbhú na maoine ar iontaobhas etc.) an láithreáin/na háise thuas.
2. Tá an láithreán/áis áitithe ag an gclub/eagraíocht thuasluaite ó (cuir bliain isteach) __________agus úsáideann an eagraíocht an áis seo ar bhonn ______________________________________________ (tabhair an bonn atá le háitíocht an chlub/na heagraíochta sa mhaoin m.sh. léas, comhaontú cíosa, ceadúnas, comhaontú neamhfhoirmeálta) le fios agus atá ar fáil don eagraíocht sin ar bhonn leanúnach de réir a riachtanais
3. Tuigim/tuigimid go bhfuil iarratas á dhéanamh ag an eagraíocht ar dheontas de €50,000 nó níos lú (faoin gClár Caipitil & Trealaimh Spóirt) le forbairt a dhéanamh ar an láithreán/áis agus go bhfuil aontaithe agam/againn leis na hoibreacha/an fhorbairt atá beartaithe
4. Faoi láthair níl sé ar intinn agam/againn an láithreán/áis seo a dhíol, a fhorbairt ná athrú a dhéanamh ar an úsáid a bhaintear as ar feadh tréimhse 5 bliana ar a

laghad ón dáta ar a n-íoctar aon leithdháileadh mar thoradh ar an iarratas ar dheontas

5. Faoi láthair níl sé ar intinn agam/againn urchosc, díshealbhú a dhéanamh ná srian seachas sin a chur ar an teacht atá ag an gclub/eagraíocht ar an láithreán/áis go ceann 5 bliana ar a laghad

AR LEAN AR CHÚL AN LEATHANAIGH

6. Sa chás go n-éiríonn an club/eagraíocht thuas as an láithreán/áis a úsáid chun críche spóirt go ndéanfaidh mé/go ndéanfaimid iarrachtaí réasúnta[12] club/eagraíocht spóirt eile a aimsiú a bhainfidh úsáid as an áis don chuid eile den tréimhse 5 bliana a ndéantar tagairt dó ag 4 thuas.
7. Mura mbíonn iarrachtaí réasúnta déanta agam/againn úsáideoir oiriúnach eile a aimsiú don láithreán/áis go ndéanfar aon luach nach bhfuil caite den deontas faoi mar a shocraíonn an Roinn a aisíoc leis an Roinn. Déanfar an luach nach bhfuil caite den deontas a ríomh tríd an 1/5ú cuid den deontas iomlán a dhíscríobh go barúlach do gach bliain a tugadh chun críche ón dáta a rinneadh an deontas a tharraingt anuas.

Síniú: ______________________________ Finné: _______________________

Ainm: ______________________________ Ainm: _______________________

Seoladh: ______________________________ Seoladh: _______________________

______________________________ _______________________

______________________________ _______________________

Dáta:- ______________________________ _______________________

Ní mór don dáta a bheith laistigh de 12 mhí ó spriocdháta an iarratais

[12] Déanann an Roinn sainmhíniú ar "iarrachtaí réasúnacha" mar an teacht atá ar an láthair/áis ar bhonn bliantúil do thréimhse chuid neamhéagtha na tréimhse 5 bliana a fhógairt agus iarracht a dhéanamh club/eagraíocht eile a fháil a bhainfidh úsáid as an áis a bhfuil cúnamh deontais faighte aici chun críocha spóirt don tréimhse sin.

# AGUISÍN 5: TEIMPLÉAD CHUN RIACHTANAIS TEIDIL AN CHLÁIR CAIPITIL & TREALAIMH SPÓIRT A SHÁSAMH

**Caithfear é a phriontáil, gach ceist a fhreagairt agus é a shíniú, a dhátú agus stampa oifigiúil do dhlíodóra a bheith air**

***Tabhair ar aird:***
Ní mór do gach iarratasóir a dhéanann iarratas ar mhaoiniú caipitil a bhfuil teideal acu ar mhaoin (i.e a shásaíonn riachtanais an teimpléid seo agus nach bhfuil iarratas á dhéanamh ar threalamh spóirt amháin) an teimpléad comhlánaithe seo a chur ar fáil beag beann ar an méid maoinithe a bhfuil iarratas á dhéanamh air. **Ní mór gach ceist a fhreagairt.**

Murar leis an iarratasóir a láthair féin nó mura bhfuil léas fada cláraithe aige le 15 bliana ar a laghad fágtha air ag staid an iarratais ní féidir leis ach iarratas a dhéanamh ar dheontas caipitil €50,000 nó níos lú. Sa dara cás acu seo is gá d'úinéir na talún/an fhoirgnimh an teimpléad in aguisín 4 a chomhlánú (ar fáil lena híoslódáil ar an suíomh) agus a thabhairt le fios nach bhfuil sé ar intinn aige an áis a bhaint den eagraíocht ar feadh tréimhse nach lú ná 5 bliana. **Ní ghlacfar le haon fhianaise eile ar theideal mar gníomhais, léasanna nó fóilíonna clóite. Ná déan an teimpléad seo a leasú ná a thras-scríobh**

**1.** **Ainm an Iarratasóra** ___________________________________

**2.** **Cén teideal atá ag an eagraíocht thuas ar láthair na forbartha atá beartaithe[13]?**

☐ Léasacht ☐ Ruílse

Más léasacht atá ann tabhair:

(i) Líon na mblianta ar bhuntéarmaí an léasa: ___________

(ii) Líon na mblianta atá fanta ar an léas[14]: ______________

**Comhlánaigh an leathanach thall**

[13] Ní mór do scoil atá ar thalamh faoi úineireacht an Aire Oideachais agus Scileanna úsáid a bhaint as téimpléad 5a

[14] Mura mbíonn 15 bliana ar a laghad fanta ar an léas ní féidir leis an eagraíocht ach iarratas a dhéanamh ar threalamh spóirt nó tionscadal caipitil €50,000 nó níos lú agus sa chás sin ní mór don tiarna talún aguisín 4 a chomhlánú.

3. **An bhfuil an teideal seo cláraithe i rannóg Chlárlann na Talún den Údarás Clárúcháin Maoine?**[15]

☐ Tá ☐ Níl Uimhir Fóilió[16]: ___________________

Má tá tú ag feitheamh ar chlárú i gClárlann na Talún an Údaráis Clárúcháin Maoine cuir an uimhir dhéileála isteach anseo (caithfidh an clárú a bheith tugtha chun críche sula n-íoctar aon deontas) __________________________

An bhfuil an teideal seo cláraithe i rannóg Chlárlann na nGníomhas den Údarás Clárúcháin Maoine (caithfear clárú a thabhairt chun críche sula ndéantar iarratas)?

☐ Tá ☐ Níl

**3. An bhfuil an teideal in ann muirear dlíthiúil a sheasamh?**

☐ Tá ☐ Níl

**4. An bhfuil Gníomhas Cúnaint agus Táille ann ó dheontais roimhe seo?**

☐ Tá ☐ Níl

Dáta an mhuirir: ___________________________

Más ea, an bhfuil an Gníomhas seo cláraithe leis an Údarás Clárúcháin Maoine (agus an Oifig um Chlárú Cuideachtaí, más infheidhme)?

☐ Tá ☐ Níl

☐Tá na codanna maidir le húinéireacht láithreáin léite agam sa treoir maidir le hiarratas a dhéanamh faoi Chlár Caipitil & Trealaimh Spóirt 2020

Ainm an Dlíodóra: _____________________________

Seoladh an Dlíodóra: ________________________________________________________

Síniú an Dlíodóra: ___________________________________

Dáta: ___________________________________

Stampa an Aturnae:

Ní mór don dáta a bheith laistigh de 12 mhí ó spriocdháta an iarratais

[15] Má bhaineann an léas leis na blianta roimh 2006, ní mór clárú na Maoine leis an Údarás Clárúcháin a bheith tugtha chun críche sula ndéantar an t-iarratas seo ar dheontas.

[16] Más ar léas atá an mhaoin, ní mór uimhir an léasachta a thabhairt anseo

# AGUISÍN 5A: TEIMPLÉAD TEIDIL DO SCOILEANNA SA CHÁS IS GUR FAOI ÚINÉIREACHT AN AIRE OIDEACHAIS & SCILEANNA ATÁ AN TALAMH

**Caithfear é a phriontáil agus gach ceist a fhreagairt agus ní mór don Roinn Oideachais & Scileanna é a shíniú agus a dhátú. Beidh 4 seachtaine ar a laghad ón Roinn Oideachais agus Scileanna sula seoltar an t-iarratas ar líne chun an fhorbairt atá beartaithe a mheas).**

***Tabhair ar aird:***

Ní mór do gach scoil, atá ag déanamh iarratais ar obair chaipitil agus a bhfuil an talamh faoi úinéireacht an Aire Oieachais agus Scileanna, iarraidh ar Aonad Bainistíochta Maoine & Ceannaithe Suíomhanna de chuid na Roinne Oideachais & Scileanna (057 932 5425 Jane_Kennedy@education.gov.ie) an teimpléad seo a líonadh.

Chomh maith leis sin cuir an fhaisnéis seo a leanas leis an iarraidh chuig an Roinn Oideachais & Scileanna:

1) Cóip de chead na bPátrún i leith an togra nó (i gcás Scoileanna Pobail nó Cuimsitheacha) Cóip de chead na nIontaobhaithe. Féach thíos

2) Pleananna/léarscáilanna cuí ar an obair bheartaithe

**Caithfear gach ceist a fhreagairt.**

**Ná déan an teimpléad seo a leasú ná a thras-scríobh.**

1. **Ainm na Scoile: ______________________________ Uimh. Rolla: _____________**

2. **Deimhním go bhfuil an mhaoin lena mbaineann uimhir Fóilió ___________ faoi úinéireacht an Aire Oideachais agus Scileanna**

3. **An bhfuil an Roinn Oideachais agus Scileanna sásta go ndéanfaí an tionscadal beartaithe a fhorbairt ar an talamh lena mbaineann an teimpléad seo de réir na bpleananna atá faoi iamh?**

☐ Tá ☐ Níl

☐Tá na codanna maidir le húinéireacht láithreáin léite agam sa treoir maidir le hiarratas a dhéanamh faoi Chlár Caipitil & Trealaimh Spóirt 2020

Ainm an Oifigigh sa Roinn Oideachais agus Scileanna: _____________________________

Grád/Uimhir Theileafóin/ríomhphost: _____________________________

Síniú an Oifigigh: ___________________________________

Dáta: ___________________________________

**AR LEAN AR CHÚL AN LEATHANAIGH**

**Téacs Chead an Phátrúin**

Ba chóir an téacs seo a leanas (nó téacs mar é) a bheith sa litir cheada ón bPátrún (nó Iontaobhaithe i gcás Scoileanna Pobail agus Cuimsitheacha) agus í a bheith sínithe ar pháipéar sainchlóite agus dírithe ar an iarratasóir chomh maith le cóip den fhoirm iarratais seo.

Deimhnímse ____________________ pátrún / iontaobhaí [scrios mar is infheidhme]

(ainm na scoile) __________________________ go bhfuil an togra d'fhorbairt agus d'úsáid

áiseanna agus don obair bheartaithe don scoil thuas athbhreithnithe agam agus deimhním:

(a) go dtoilím go dtabharfaí faoin obair seo agus
(b) go bhfuil an togra ag teacht leis na "Treoirlínte maidir le hÚsáid foirgneamh Scoile lasmuigh d'Uaireanta Scoile"
(c) an Lámhleabhar Rialachais do Scoileanna Pobail & Cuimsitheacha i gcás Scoileanna Pobail agus Cuimsitheacha [scrios mura bhfuil infheidhme]

Moltar d'Údaráis Scoile na treoirlínte maidir le húsáid áiseanna scoile lasmuigh d'uaireanta scoile a thabhairt ar aird sula ndéantar iarratas ar mhaoiniú agus atá le fáil ag an nasc thíos. Ba chóir d'Údaráis Scoileanna a dheimhniú gur leanadh na forálacha cuí mar atá leagtha amach laistigh de na treoirlínte.

https://www.education.ie/en/Publications/Policy-Reports/guidelines-on-the-use-of-school-buildings-outside-of-school-hours.pdf

Maidir le scoileanna Pobail agus Cuimsitheacha tá feidhm freisin leis na forálacha ábhartha a luaitear anseo thíos:

https://www.education.ie/en/Schools-Colleges/Information/Boards-of-Management/Governance-Manual-for-Community-Comprehensive-Schools.pdf